An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide

# Ceacht 3



## Sainaithin roinnt de na gnéithe éagsúla a úsáidtear sna meáin chumarsáide agus an chaoi a dtéann siad i bhfeidhm ar ár mothúcháin ar bhealach ar leith

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann roinnt de na gnéithe éagsúla a úsáidtear sna meáin chumarsáide a aithint agus an chaoi a dtéann siad i bhfeidhm ar ár mothúcháin ar bhealach ar leith. |
| **Toradh Foghlama** | A thuiscint go mbaineann na daoine a dhéanann na meáin leas as nithe amhail lógónna, sluáin, daoine cáiliúla, carachtair/ainmhithe, féith an ghrinn chun mothúcháin ar leith a spreagadh ionainn. A thuiscint go bhfuil sé i gceist le fógraí (agus a dteachtaireachtaí) go spreagfaidís mothúcháin áirithe ionainn. |
| **Nótaí an Mhúinteora** | Bíonn na daoine a dhéanann na meáin an-chúramach faoi na nithe a chuirtear isteach ina dtáirgí meáin. Bíonn lógónna agus ainmneacha brandaí i bhfógraí, mar shampla íomhánna, dathanna, teanga/focail, carachtair agus ainmhithe, fuaim agus ceol, daoine cáiliúla, tairiscintí speisialta, mar shampla bronntanas saor in aisce, 'ceannaigh ceann faigh ceann saor in aisce', táirgí ollmhóra, 50% sa bhreis saor in aisce, nó síntiúis le haghaidh scannán. Is éard is lógó ann ná siombail nó dearadh beag eile a úsáidtear chun táirge a shainaithint. Is éard is sluán ann frása ar féidir cuimhneach air go héasca a spreagann daoine chun táirge a cheannach. Baineann cuideachtaí fógraíochta úsáid as daoine cáiliúla ina bhfógraí chun daoine a spreagadh a dtáirge a cheannach. |
| **Acmhainní** | • Fógraí ó shuíomh gréasáin MediaWise<br>• An ghníomhaíocht idirghníomhach *Ainmnigh an Lógó*<br>• Gníomhaíocht 3.1 |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus plé: Ainmnigh an Sluán; Daoine Cáiliúla.<br>• Comharfhoghlaim: Cad is lógó ann?<br>• Scileanna trí mheán an ábhair: Cad é an Teachtaireacht?; Ceol san Fhógraíocht |

An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide

# Ceacht 3



## Cur Chuige

**Céim 1: Cad é an teachtaireacht?**

- Mínigh do na leanaí go mbaintear úsáid i bhfógraí agus in ábhar ar an ngréasán agus ar leathanaigh na meán sóisialta as seifteanna éagsúla, mar shampla ainmneacha brandaí, íomhánna agus dathanna, focail agus teanga ar leith, carachtair/ainmhithe, fuaim agus ceol, daoine cáiliúla, tairiscintí speisialta mar shampla bronntanas saor in aisce, lascaine, 'ceannaigh ceann amháin agus faigh ceann saor in aisce', earra ollmhór, lascaine 50% etc. chun muid a spreagadh leis na táirgí atá sna fógraí a cheannach.
- Inis do na leanaí gurb é is lógó ann ná siombail nó dearadh beag chun táirge a shainaithint agus gurb é is sluán ann ná frása so-aitheanta chun daoine a spreagadh le táirge nó branda ar leith a cheannach.
- Mar ghníomhaíocht ranga, breathnaigh ar na fógraí atá ar shuíomh gréasáin MediaWise agus freagair na ceisteanna seo a leanas mar gheall ar gach fógra:
  - Cad chuige an fógra?
  - Cad atá ag tarlú san fhógra?
  - An bhfuil aon rud ar leith a bhaineann leis an gcaoi a bhfuil fógraíocht á déanamh ar an táirge?

*Seans go luafaidh na leanaí go mbaintear úsáid as ceann díobh seo: lógó, sluán, daoine cáiliúla, ainmhithe, féith an ghrinn.*

- An mbaineann an táirge seo úsáid as lógó san fhógra?
- An mbaineann an táirge seo úsáid as ceol san fhógra?
- An mbaineann an táirge seo úsáid as sluán nó frása ar leith san fhógra?
- An bhfuil daoine cáiliúla san fhógra?
- An mbaintear úsáid as carachtair/ainmhithe san fhógra?
- An maith leat an fógra? Cad a thaitníonn nó nach dtaitníonn leat ina thaobh?
- Cad iad na mothúcháin a spreagann an fógra ionat?

*Inis do na leanaí go ndeartar fógraí sa chaoi is go spreagfar muid raon mothúchán a brath.*

- An spreagfadh an fógra seo tú chun an táirge a cheannach?
- An spreagann seifteanna tú chun an táirge a cheannach, mar shampla ainmneacha brandaí, íomhánna agus dathanna, focail agus teanga ar leith, carachtair/ainmhithe, fuaim agus ceol, daoine cáiliúla, tairiscintí speisialta mar shampla bronntanas saor in aisce, lascaine, 'ceannaigh ceann amháin agus faigh ceann saor in aisce', earra ollmhór, lascaine 50% etc.?
- Dá mbeifeá féin chun fógra a chruthú don táirge céanna, cad a dhéanfá difriúil?

**Céim 2: Cad is Lógó ann? An ghníomhaíocht idirghníomhach *Ainmnigh an Lógó***

- Mínigh do na leanaí go mbaintear úsáid as lógó chun táirge a shainaithint.
- Inis dóibh go mbaineann cuideachtaí úsáid as lógónna atá dírithe ar na daoine a dteastaíonn uathu iad a spreagadh chun an táirge a cheannach, e.g. lógónna ar éadaí, ar phóstaeir, ar an teilifís.
- Fiafraigh de na leanaí an féidir leo aon lógó a úsáidtear ar earraí a ainmniú.
- Bain leas as an ngníomhaíocht idirghníomhach *Ainmnigh an Lógó* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise wwwMediaWise.ie, agus tabhair an deis do na leanaí an táirge a ainmniú a bhaineann leis an lógó
- Seans go luafaidís: McDonalds, IRFU, Apple, Adidas, Android, Facebook, Starbucks, Twitter, Xbox.
- Fiafraigh de na leanaí an mothaíonn siad aon rud ar leith nuair a fheiceann siad an lógó sin.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go ndeartar lógónna sa chaoi is go spreagfaidh siad mothúcháin ionainn.




**Ghníomhaíocht Idirghníomhach**

**Gníomhaíocht roghnach**

- Iarr ar na leanaí fíorthháirge nó táirge samhaltach a roghnú agus lógó a chruthú don táirge sin.

## An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide

# Ceacht 3



## **Cur Chuige** ar lean

**Céim 3: Ainmnigh an Sluán**

- Mínigh gurb é is brí le sluán ná frása a bhfuil sé éasca cuimhneach air agus a úsáidtear chun a chur ina luí ar dhaoine rud éigin a cheannach.
- Iarr ar na leanaí an féidir leo aon sluán a ainmniú a úsáidtear chun táirgí ar leith a chur chun cinn?
- Abair leo go bhfuil siad chun an tráth na gceist ón suíomh gréasáin a dhéanamh agus is féidir leo obair i bhfoirne, i mbeirteanna nó mar rang iomlán.
- Léigh amach gach sluán agus fiafraigh de na leanaí an aithníonn siad é.
  1. Beanz Meanz Heinz – *Heinz Beans*
  2. Snap! Crackle! Pop! – *Rice Krispies*
  3. Are you a Cadburys fruit and nut case? – *Cadburys Fruit and Nut*
  4. So fresh it's famous – *Pat the Baker*
  5. Every day should have its golden moments – *Barry's Tea*
  6. Today's bread, today – *Brennan's Bread*
  7. Taste The Rainbow – *Skittles*
  8. They're Grrrrrrrreat! – *Kellogg's Frosties*
  9. I'm lovin' it – *McDonalds*
  10. Just Do It – *Nike*
  11. The happiest place on earth – *Disney World*
  12. It's the real thing – *Coca-Cola*
- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil aon sluán eile ar eolas acu do tháirgí?
- Fiafraigh de na leanaí cad a mhothaíonn siad nuair a chloiseann siad an sluán.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go gceaptar sluáin sa chaoi is go spreagfar mothúcháin ar leith ionainn, e.g. má bhímid sceitimíneach nó áthasach nuair a chloisimid sluán spreagfaidh an táirge na mothúcháin sin ionainn.

**Céim 4: Daoine Cáiliúla**

- Fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad riamh duine cáiliúil nó carachtar nó ainmhí in úsáid i bhfógra?
- Mínigh go mbaineann cuideachtaí fógraíochta úsáid as daoine cáiliúla, as carachtair nó as ainmhithe go minic chun iarracht a chur in a luí orainn gur mhaith linn táirge éigin a cheannach.
- Fiafraigh de na leanaí an féidir leo smaoineamh ar dhuine cáiliúil ar leith a bheadh an-oiriúnach chun fógraíocht a dhéanamh ar na táirgí seo a leanas– liathróid nua, deoch shúilíneach, bábóg nua, táibléad nó guthán nua nó barra seacláide?
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go bhfuil na daoine a chruthaíonn na meáin chumarsáide an-chúramach faoi na nithe a chuireann siad ina dtáirgí meáin. Is minic a úsáidtear lógónanna, sluáin, daoine cáiliúla agus carachtair/ainmhithe i bhfógraí. Spreag na leanaí chun a bheith ag faire amach le haghaidh fógraí ina n-úsáidtear lógónna, sluáin, daoine cáiliúla, agus carachtair/ainmhithe

# Ceacht 3




## **Cur Chuige** ar lean

**Céim 5: Ceol san Fhógraíocht**

- Mínigh do na leanaí go mbaintear úsáid as ceol san fhógraíocht chun muid a spreagadh agus ionas go gcuimhneoimid as an bhfógra.
- Fiafraigh de na leanaí ar úsáideadh ceol in aon cheann de na fógraí ar bhreathnaíodar air ag tús an cheachta.
- An cuimhin leo aon chuid den cheol sin? An raibh an ceol oiriúnach don táirge?
- Fiafraigh de na leanaí ar bhraith siad aon rud nuair a chuala siad an t-amhrán sin?
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go mbaintear úsáid as ceol san fhógraíocht ionas go spreagfar raon mothúchán ionainn e.g. sceitimíneach nó áthasach nuair a chloisimid amhrán a chuireann táirge ar leith i gcuimhne dúinn.
- Iarr ar na leanaí roinnt popamhrán a thaitníonn leo a ainmniú.

*Tabhair an deis do na leanaí roinnt amhrán a ainmniú. Féadfaidh an múinteoir roinnt amhrán ón idirlíon a sheinm.*

- Fiafraigh de na leanaí ina dtuairim ar mhaith an rud é na hamhráin sin a úsáid i bhfógraí ar leith – mar shampla le haghaidh liathróid pheile ar leith, deoch nua, bábóg, zú, táibléad nó fón póca nua nó barra seacláide.
- Bain leas as Gníomhaíocht 3.1 mar ar féidir leis na leanaí amhrán a roghnú a bheadh oiriúnach d'fhógra le haghaidh na dtáirgí. Is féidir leo cúiseanna a thabhairt lena roghanna – tá luas gasta sa cheol, tá an ceol mall, is féidir cuimhneamh ar an amhrán go héasca, fuaimníonn sé spórtúil, etc.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chur i gcrích fiafraigh de na leanaí ar mhaith leo a gcuid oibre a roinnt leis an rang agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh sia na hamhráin sin chun a bhfógraí a chur chun cinn.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go mbíonn lógónna agus ainmneacha brandaí i bhfógraí, mar shampla íomhánna, dathanna, teanga/focail, carachtair agus ainmhithe, fuaim agus ceol, daoine cáiliúla, tairiscintí speisialta, mar shampla bronntanas saor in aisce, 'ceannaigh ceann faigh ceann saor in aisce', táirgí ollmhóra, 50% sa bhreis saor in aisce, nó síntiúis le haghaidh scannán.



**Gníomhaíocht 3.1**